Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/665

2.4.2025

**CINNEADH (AE) 2025/665 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT**

**an 26 Marta 2025**

**lena gceaptar Breithiúna den Chúirt Ghinearálta**

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 254 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rachaidh téarma oifige 26 Bhreitheamh den Chúirt Ghinearálta in éag an 31 Lúnasa 2025. Ba cheart, dá bhrí sin, ceapacháin a dhéanamh do na poist sin don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2031.

(2) Ós amhlaidh atá, moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarmaí oifige Hervé CASSAGNABÈRE, Saulius Lukas KALĖDA, Ulf ÖBERG, Tamara PERIŠIN, David PETRLÍK, Inga REINE, Petra ŠKVAŘILOVÁ-PELZL, Laurent TRUCHOT agus Pēteris ZILGALVIS mar Bhreithiúna den Chúirt Ghinearálta.

(3) De bhreis air sin, moladh Francesco BESTAGNO agus Tanja PAVELIN mar Bhreithiúna den Chúirt Ghinearálta den chéad uair.

(4) Ina theannta sin, i gcomhréir le hAirteagal 7 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tar éis cheapadh Rimvydas NORKUS ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais, ba cheart breitheamh a cheapadh don Chúirt Ghinearálta ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Rimvydas NORKUS, eadhon go dtí an 31 Lúnasa 2025. Moladh Danutė JOČIENĖ don fholúntas sin.

(5) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, agus tar éis cheapadh Fredrik SCHALIN ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais, ba cheart Breitheamh a cheapadh don Chúirt Ghinearálta ar feadh a bhfuil fágtha de théarma oifige Fredrik SCHALIN, eadhon go dtí an 31 Lúnasa 2025. Moladh Jörgen HETTNE don fholúntas sin.

(6) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Ghinearálta a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2025 go dtí an 31 Lúnasa 2031:

— Francesco BESTAGNO,

— Hervé CASSAGNABÈRE,

— Saulius Lukas KALĖDA,

— Ulf ÖBERG,

— Tanja PAVELIN,

— Tamara PERIŠIN,

— David PETRLÍK,

— Inga REINE,

— Petra ŠKVAŘILOVÁ-PELZL,

— Laurent TRUCHOT,

— Pēteris ZILGALVIS.

*Airteagal 2*

Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina mBreithiúna den Chúirt Ghinearálta don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an chinnidh seo go dtí an 31 Lúnasa 2025:

— Jörgen HETTNE,

— Danutė JOČIENĖ.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 26 Márta 2025.

*An tUachtarán*

A. BARTOL